An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

**Ciorclán 0054/2025**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Pobalscoileanna agus Scoile Cuimsithí**

# Athbhreithniú Tuarastal do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha faoin gcomhaontú dar teideal faoin gComhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025

### Réamhrá

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Óige údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail agus liúntas do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha a mbeidh éifeacht leo ón 1 Lúnasa 2025 dá bhforáiltear faoin gComhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe pá atá dlite ón 1 Lúnasa 2025 mar a leasú ar an gComhaontú.

### Méaduithe tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal Comhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026

3. Comhaontaíodh coigeartú pá 1% tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025.

4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Comhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 1% le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025.

5. Tá na scálaí tuarastail athbhreithnithe do na baill foirne lena mbaineann leagtha amach in Aguisín 1.

6. Le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail is iníoctha le Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha.

7. Déileáfar le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorcláin 0084/2015.

8. Athbhreithneofar pá na mball foirne páirtaimseartha, de réir gnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá de réir an Chiorcláin seo.

### Liúntais

9. Foráiltear leis an gComhaontú do mhéaduithe ar liúntais phá freisin, ar méaduithe iad a bheidh cothrom le 1% ón 1 Lúnasa 2025. Maidir le liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrach nó mar sciar sonrach den bhunphá, ba cheart iad a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na ráta athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Lúnasa 2025.

### Asbhaintí as pá

10. Déanfar asbhaintí as pá a shloinntear mar chéatadán de phá (e.g., pleananna leanúnachas ioncaim, síntiúis cheardchumainn) a athríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá dá bhforáiltear sa litir seo.

### Méaduithe pinsin

11. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna[1] a bhí ann cheana suas go dtí 30 Meitheamh 2026 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal ‘Comhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026’ faoi réir treorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, AthchóiriUcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin. San áireamh leis an litir ón 24 Meán Fómhair 2024 chuig Bainisteoirí Acmhainní Daonna / Riarthóirí Pinsin tá an treoir ar an modheolaíocht chun na harduithe pinsin seo a ríomh.[2]

12. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (‘Scéim Aonair’) a uasrátáil ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí faoi réir treorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Dá bhrí sin, maidir le Scéime Pinsin Aonair atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh phoiblí a d’fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach de réir an chiorcláin seo.

### Leasuithe pinsin le haghaidh scéimeanna seirbhíse pinsin poiblí a bhí ann cheana

13. Déanfar pinsin na ndaoine sin ar baill iad de scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana (Scéim Neamh-Aonair) atá in íocaíocht ón 1 Lúnasa 2025 maidir le hiar-Sheirbhísigh Phoiblí a bhí ag feidhmiú sna gráid lena mbaineann an ciorclán seo, a choigeartú de réir mar is cuí ar an ngnáthbhealach, trí thagairt a dhéanamh do na hathbhreithnithe ar bhunphá atá leagtha amach de réir an chiorcláin seo. Féadfaidh Ranna/Oifigí a dheonaíonn pinsin agus cnapshuimeanna faoi údarás tarmligthe, faoi réir aon chomhairliúcháin is gá roimh ré leis an Roinn seo, íocaíochtaí pinsin a athbhreithniú go docht de réir an chiorcláin seo.

---

[1] Scéimeanna Pinsin na Seirbhíse Poiblí a bhí ann cheana, mar a shainítear in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012
[2] Tá cur i bhfeidhm ‘Paireacht Pá’ mar Bheartas um Mhéadú Pinsin, i gcomhréir le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2024-2026”; ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/ciorclain/”

14. Ba cheart cnapshuimeanna na n-oifigeach sna gráid lena mbaineann an Ciorclán seo a chuaigh ar scor an 1 Lúnasa 2025 nó ina dhiaidh sin a athbhreithniú freisin faoi threoir na n-athbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach sa chiorclán seo mar is cuí. Ba cheart asbhaintí ó chnapshuimeanna i leith ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla (amhail iad siúd faoi Scéimeanna Pinsin do Chéilí agus Leanaí) a choigeartú sna cásanna seo freisin. Níor cheart cnapshuim na n-oifigeach sna gráid lena mbaineann an Ciorclán seo a chuaigh ar scor roimh an 1 Lúnasa 2025 a choigeartú.

15. Ní mór pinsin d'oifigigh a chuaigh ar scor tar éis 1 Lúnasa 2025 a ndearnadh meastóireacht orthu le haghaidh an Teorainn Sochar Pinsin[3] faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, a athmheas i gcomhthéacs na méaduithe atá leagtha amach sa chiorclán seo.

16. Ní mór pinsin d'oifigigh atá athfhostaithe sa tseirbhís phoiblí faoi láthair agus a ndearnadh a bpinsean a mheas le haghaidh Laghdú Pinsin[4] faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, a athmheas i gcomhthéacs na méaduithe atá leagtha amach sa chiorclán seo. Féadfaidh pinsinéir, nach raibh faoi réir lacáiste roimhe seo, a bheith faoi réir lacáiste anois mar thoradh ar na méaduithe. Leasuithe Pinsin don Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

## Leasuithe pinsin le haghaidh an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

17. Maidir le pinsinéirí na Scéime Aonair a bhí ag obair mar sheirbhísigh phoiblí (i ngráid lena mbaineann an imlitir seo) ar 1 Lúnasa 2025 agus a chuaigh ar scor ina dhiaidh sin sa tréimhse ón 1 Lúnasa 2025 go dtí cibé dáta a dtiocfaidh an coigeartú pá seo i bhfeidhm, déanfar a méideanna fabhraithe agus asbhaintí ranníocaíochta dlite a ríomh athuair. Déanfar cnapshuim agus pinsin a íoctar a choigeartú ansin, de réir mar is cuí.

    Ba cheart do na hÚdaráis Ábhartha an ríomh thuasluaite a dhéanamh freisin do na haicmí seo a leanas:

    - Luathscoir Costas Neodrach (LSCN)
    - Scor de bharr Drochshláinte (Aisce Gearrsheirbhíse san áireamh)
    - Orduithe Coigeartaithe Pinsin (OCPanna)
    - Bás le linn Seirbhíse (Céile/ Páirtí / Leanbh Incháilithe)
    - Aisce Báis
    - Aon chásanna ábhartha eile

    D'fhéadfadh go mbeadh gá Ráitis Sochair Scoir Deiridh agus Ráitis Fágála do bhaill na Scéime Aonair sna gráid lena mbaineann an imlitir seo, a bhí ag obair mar sheirbhísigh phoiblí ar dhátaí athbhreithnithe an bhunphá agus a d'éirigh as nó a d'fhág a nÚdarás Ábhartha faoi seach ina dhiaidh sin, a choigeartú de réir mar is cuí.

[3] Ciorclán 13/2020 Treoir maidir le Cur i bhfeidhm na Teorann Sochar Pinsean faoi alt 52(6) agus (7) d'Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012
[4] Ciorclán 24/2022 Treoir maidir le Laghdú ar Phinsin Ghairme na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm

Tabhair faoi deara, mar a luadh cheana, nár cheart cnapshuim ná pinsin oifigeach sna gráid lena mbaineann an ciorclán seo a chuaigh ar scor roimh an 1 Lúnasa 2025 a choigeartú.

### Scaipeadh agus ceisteanna

18. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingeofar aird na mball foirne uile lena mbaineann ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

19. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag [https://www.gov.ie/ga/ciorclain/](https://www.gov.ie/ga/ciorclain/)

20. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig [sdfinfo@education.gov.ie](mailto:sdfinfo@education.gov.ie)

Shirley Kearney
Príomhoifigeach
Airgeadas Scoileanna agus
Bunachar Sonraí

Mairead Daly
Príomhoifigeach Gníomhach
Caidreamh Foirne
Seachtrach

22 Iúil 2025

**Aguisín 1:**

## SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1 LÚNASA 2025

**Grád III[5]:**

| Pointe Scála | Ráta ón 01/08/2025 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025 |
|---|---|---|
| **1** | €33,299 | €31,119 |
| **2** | €34,174 | €32,869 |
| **3** | €35,450 | €33,299 |
| **4** | €36,730 | €34,174 |
| **5** | €38,011 | €35,450 |
| **6** | €38,939 | €36,730 |
| **7** | €39,992 | €38,011 |
| **8** | €41,211 | €38,939 |
| **9** | €42,078 | €39,992 |
| **10** | €43,289 | €41,211 |
| **11** | €44,508 | €42,078 |
| **12** | €46,798 | €43,289 |
| **13** | €46,798 | €44,508 |
| **14** | | €46,798 |
| **15** | | €46,798 |
| **Incrimint Fadseirbhíse*** | €48,425 | €48,425 |

***** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

[5] Cód párolla: G3 & G3NE

**Grád IV[6]:**

| Pointe Scála | Ráta ón 01/08/2025 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025 |
|---|---|---|
| **1** | €38,599 | €35,612 |
| **2** | €40,759 | €37,739 |
| **3** | €42,739 | €38,599 |
| **4** | €44,475 | €40,759 |
| **5** | €46,152 | €42,739 |
| **6** | €48,417 | €44,475 |
| **7** | €50,055 | €46,152 |
| **8** | €51,723 | €48,417 |
| **9** | | €50,055 |
| **10** | | €51,723 |
| **Incrimint Fadseirbhíse 1*** | €53,296 | €53,296 |
| **Incrimint Fadseirbhíse 2**** | €54,911 | €54,911 |

***** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*
****** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an gcéad Incrimint Fadseirbhíse*

[6] Cód párolla: G4 & G4NE

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATHA (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH)**

| Feighlí [7] | Ráta ón 01/08/2025 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025 |
|---|---|---|
| Ar Earcaíocht | €39,597 | €36,519 |
| tar éis 6 mhí | €39,783 | €37,258 |
| tar éis bliain go leith | €39,961 | €39,597 |
| tar éis 2 bhliain go leith | €39,961 | €39,783 |
| tar éis 3 bliana go leith | €39,975 | €39,961 |
| tar éis 4 bliana go leith | €40,075 | €39,961 |
| tar éis 5 bliana go leith | €40,174 | €39,975 |
| tar éis 6 bliana go leith | €40,281 | €40,075 |
| tar éis 7 mbliana go leith | €40,383 | €40,174 |
| tar éis 8 mbliana go leith | €40,488 | €40,281 |
| tar éis 9 mbliana go leith | €40,600 | €40,383 |
| tar éis 10 mbliana go leith | €40,712 | €40,488 |
| tar éis 11 bhliain go leith | €40,816 | €40,600 |
| tar éis 12 bhliain go leith | | €40,712 |
| tar éis 13 bliana go leith | | €40,816 |

[7] Cód párolla: MA01 & MA01NE

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH**

| **Freastalaí**[8] | **Ráta ón 01/08/2025** | **Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025** |
|---|---|---|
| **Ar Earcaíocht** | €38,704 | €35,707 |
| **tar éis 6 mhí** | €38,891 | €36,450 |
| **tar éis bliain go leith** | €39,064 | €38,704 |
| **tar éis 2 bhliain go leith** | €39,165 | €38,891 |
| **tar éis 3 bliana go leith** | €39,268 | €39,064 |
| **tar éis 4 bliana go leith** | €39,365 | €39,165 |
| **tar éis 5 bliana go leith** | €39,468 | €39,268 |
| **tar éis 6 bliana go leith** | €39,570 | €39,365 |
| **tar éis 7 mbliana go leith** | €39,677 | €39,468 |
| **tar éis 8 mbliana go leith** | €39,785 | €39,570 |
| **tar éis 9 mbliana go leith** | €39,894 | €39,677 |
| **tar éis 10 mbliana go leith** | €39,894 | €39,785 |
| **tar éis 11 bhliain go leith** | €39,933 | €39,894 |
| **tar éis 12 bhliain go leith** | | €39,894 |
| **tar éis 13 bliana go leith** | | €39,933 |

[8] Cód párolla: MA07 & MA07NE

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH) (Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

| **Feighlí** [9] | **Ráta ón 01/08/2025** | **Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025** |
|---|---|---|
| **Ar Earcaíocht** | €39,565 | €36,490 |
| **tar éis 6 mhí** | €39,753 | €37,231 |
| **tar éis bliain go leith** | €39,931 | €39,565 |
| **tar éis 2 bhliain go leith** | €39,931 | €39,753 |
| **tar éis 3 bliana go leith** | €39,949 | €39,931 |
| **tar éis 4 bliana go leith** | €40,045 | €39,931 |
| **tar éis 5 bliana go leith** | €40,145 | €39,949 |
| **tar éis 6 bliana go leith** | €40,250 | €40,045 |
| **tar éis 7 mbliana go leith** | €40,354 | €40,145 |
| **tar éis 8 mbliana go leith** | €40,459 | €40,250 |
| **tar éis 9 mbliana go leith** | €40,569 | €40,354 |
| **tar éis 10 mbliana go leith** | €40,680 | €40,459 |
| **tar éis 11 bhliain go leith** | €40,786 | €40,569 |
| **tar éis 12 bhliain go leith** | | €40,680 |
| **tar éis 13 bliana go leith** | | €40,786 |

[9] Cód párolla: MA02 & MA02NE

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

| Freastalaí[10] | Ráta ón 01/08/2025 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025 |
|---|---|---|
| **Ar Earcaíocht** | €38,673 | €35,678 |
| **tar éis 6 mhí** | €38,863 | €36,424 |
| **tar éis bliain go leith** | €39,037 | €38,673 |
| **tar éis 2 bhliain go leith** | €39,134 | €38,863 |
| **tar éis 3 bliana go leith** | €39,236 | €39,037 |
| **tar éis 4 bliana go leith** | €39,338 | €39,134 |
| **tar éis 5 bliana go leith** | €39,435 | €39,236 |
| **tar éis 6 bliana go leith** | €39,544 | €39,338 |
| **tar éis 7 mbliana go leith** | €39,646 | €39,435 |
| **tar éis 8 mbliana go leith** | €39,756 | €39,544 |
| **tar éis 9 mbliana go leith** | €39,863 | €39,646 |
| **tar éis 10 mbliana go leith** | €39,976 | €39,756 |
| **tar éis 11 bhliain go leith** | €39,976 | €39,863 |
| **tar éis 12 bhliain go leith** | | €39,976 |
| **tar éis 13 bliana go leith** | | €39,976 |

[10] Cód párolla: MA08 & MA08NE

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA**
**(Baill den scéim pinsin ranníochach)**

| **FEIGHLITHE** [11] | **Ráta ón 01/08/2025** | **Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025** |
|---|---|---|
| **1** | €38,045 | €34,807 |
| **2** | €38,305 | €35,583 |
| **3** | €38,412 | €38,045 |
| **4** | €38,517 | €38,305 |
| **5** | €38,613 | €38,412 |
| **6** | €38,613 | €38,517 |
| **7** | €38,613 | €38,613 |
| **8** | €38,613 | €38,613 |
| **9** | €38,705 | €38,613 |
| **10** | €38,815 | €38,613 |
| **11** | €38,962 | €38,705 |
| **12** | €39,104 | €38,815 |
| **13** | €39,246 | €38,962 |
| **14** | | €39,104 |
| **15** | | €39,246 |

| | **Ón 01/08/2025** |
|---|---|
| **Liúntas Airígh Shinsearaigh** | €89.06 |
| **Liúntas Airígh Shóisearaigh** | €34.72 |

| | **Ón 01/08/2025** |
|---|---|
| **Liúntas Airígh Shinsearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre** | €86.30 |
| **Liúntas Airígh Shóisearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre** | €31.96 |

[11] Cód párolla: MA03 & MA03NE

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA**
**(Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

| OIBRÍ GINEARÁLTA[12] | Ráta ón 01/08/2025 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025 |
|---|---|---|
| **1** | €38,014 | €34,778 |
| **2** | €38,274 | €35,556 |
| **3** | €38,381 | €38,014 |
| **4** | €38,482 | €38,274 |
| **5** | €38,585 | €38,381 |
| **6** | €38,696 | €38,482 |
| **7** | €38,696 | €38,585 |
| **8** | €38,696 | €38,696 |
| **9** | €38,696 | €38,696 |
| **10** | €38,791 | €38,696 |
| **11** | €38,934 | €38,696 |
| **12** | €39,075 | €38,791 |
| **13** | €39,217 | €38,934 |
| **14** | | €39,075 |
| **15** | | €39,217 |

**GLANTÓIRÍ**

| | Ráta ón 01/08/2025 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/08/2025 |
|---|---|---|
| **GLANTÓIR - Ráta Páirtaimseartha** | €19.02 | €17.55 |

[12] Cód párolla: MA04 & MA04NE